II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/236 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Nollaig 2020

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 maidir le huainiú cathain a dhéanfar nósanna imeachta bainistithe riosca áirithe a chur i bhfeidhm chun críoch comhthaobhacht a mhalartú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(15) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ón gCoimisiún ([2]) sonraítear, i measc nithe eile, na nósanna imeachta bainistithe riosca, lena n-áirítear leibhéil agus cineál na comhthaobhachta mar aon leis na socruithe um leithscaradh dá dtagraítear in Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, a cheanglaítear ar chontrapháirtithe airgeadais a bheith acu le haghaidh malartú comhthaobhachta, i ndáil lena gconarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251, cuirtear chun feidhme an creat idirnáisiúnta maidir le malartú comhthaobhachta a chomhaontaigh Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB) agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO) ar an leibhéal domhanda.

(2) Is iomaí contrapháirtí a dhéanann conarthaí réamh-mhalairte a shocraítear go fisiceach agus conarthaí malartaí eachtraí babhtála a shocraítear go fisiceach chun na rioscaí a bhaineann lena neamhchosaintí ar riosca airgeadra a fhálú. I bhfianaise phróifíl riosca shonrach na gconarthaí sin agus i bhfianaise an ghá atá le cóineasú rialála idirnáisiúnta, is iomchuí srian a chur ar mhalartú éigeantach an chorrlaigh athrúcháin le haghaidh na gconarthaí sin idir na contrapháirtithe is sistéamaí. Ba cheart díolúine bhuan a thabhairt isteach le haghaidh na gconarthaí sin nuair a dhéantar iad le neamh-institiúidí.

(3) Foráiltear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 do chéimniú isteach in imeacht roinnt blianta lena léirítear an sceideal cur chun feidhme a chomhaontaigh an CBMB agus IOSCO. Is é is aidhm don chéimniú isteach sin comhsheasmhacht idirnáisiúnta a áirithiú agus, ar an gcaoi sin, féidearthachtaí arbatráiste rialála a íoslaghdú. Ina theannta sin, is é is aidhm don chéimniú isteach cur chun feidhme comhréireach agus éifeachtach na gceanglas lena mbaineann a éascú trí a ndóthain ama a thabhairt do chontrapháirtithe chun a gcórais agus a bpróisis inmheánacha a oiriúnú do na ceanglais lena mbaineann, de réir chatagóir an chontrapháirtí, de réir an chineáil conartha agus de

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála maidir le teicnící maolaithe riosca le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach (IO L 340, 15.12.2016, lch. 9).

réir an tráth a rinneadh an conradh nó rinneadh é a nuachan. Ar deireadh, leis an gcéimniú isteach dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251, cuirtear san áireamh raon feidhme agus leibhéal an chur chun feidhme i dtaca leis na ceanglais maidir le malartú comhthaobhachta a chomhaontaigh CBMB agus IOSCO le haghaidh dlínsí eile, lena seachnófaí ilroinnt an mhargaidh agus lena n-áiritheofaí cothrom iomaíochta domhanda le haghaidh contrapháirtithe atá bunaithe san Aontas. Go háirithe, foráiltear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 do níos mó ama le haghaidh táirgí áirithe nach bhfuil faoi réir ceanglais éarlaise choibhéiseacha i ndlínsí eile.

(4) Tá an sceideal a bhaineann le cur chun feidhme na gceanglas maidir le malartú comhthaobhachta leasaithe anois ag CBMB agus ag IOSCO chun tacú le cur chun feidhme rianúil agus ordúil na gceanglas éarlaise ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus go háirithe toisc nach raibh contrapháirtithe beaga in ann an spriocdháta a beartaíodh ar dtús a chomhlíonadh. Ina theannta sin, tá tríú tíortha fós ann nach bhfuil táirgí áirithe faoi réir ceanglais éarlaise choibhéiseacha iontu. Dá bhrí sin, ba cheart an leasú sin ar sceideal chur chun feidhme CBMB agus IOSCO a léiriú sa chéimniú isteach dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251.

(5) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚMEnna) faireachán ar an dul chun cinn atá déanta ag contrapháirtithe chun na ceanglais éarlaise tosaigh le haghaidh díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach a chur chun feidhme. Is eol do ÚMEnna go mbeidh feidhm den chéad uair ag na ceanglais éarlaise tosaigh maidir le líon mór eintiteas le linn na céime deiridh den chur chun feidhme. Ar mhaithe le tacú le cur chun feidhme rianúil agus ordúil na gceanglas corrlaigh i measc comhaltaí de CBMB agus de IOSCO agus chun ilroinnt an mhargaidh a sheachaint, ba cheart bliain bhreise a chur leis an spriocdháta maidir le cur chun feidhme na gceanglas corrlaigh tosaigh i gcás contrapháirtithe ag a bhfuil meánmhéid barúlach comhiomlán díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach idir EUR 8 mbilliún agus EUR 50 billiún.

(6) Rinne ÚMEnna faireachán freisin ar thionchar ráig COVID-19 ar na margaí airgeadais, agus go háirithe maidir leis na dúshláin shuntasacha a thugann COVID-19 do chontrapháirtithe, lena n-áirítear easáitiú na foirne agus an gá atá le hacmhainní a dhíriú ar rioscaí a bhaineann le luaineacht ghaolmhar an mhargaidh a bhainistiú. Leasaíodh creat CBMB-IOSCO freisin chun éifeachtaí sin ráig COVID-19 a chur san áireamh agus cur chun feidhme na gceanglas éarlaise tosaigh a chur ar athló. Is gá an leasú sin a léiriú sa sceideal cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251. Dá gcuirfí síneadh breise leis an spriocdháta chun na ceanglais éarlaise tosaigh a chur chun feidhme, bheadh sé de thoradh ar an síneadh breise sin go mbeadh na contrapháirtithe ag a bhfuil meánmhéid barúlach comhiomlán díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach os cionn €50 billiún faoi réir na gceanglas corrlaigh tosaigh ón 1 Meán Fómhair 2021, agus contrapháirtithe ag a bhfuil meánmhéid barúlach comhiomlán díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach os cionn EUR 8 mbilliún agus iad faoi réir na gceanglas corrlaigh tosaigh ón 1 Meán Fómhair 2022.

(7) Foráiltear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 do dháta iarchurtha maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas corrlaigh déthaobhach le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach arna dtabhairt i gcrích idir contrapháirtithe atá mar chuid den ghrúpa céanna agus i gcás ina bhfuil contrapháirtí amháin bunaithe i dtríú tír agus ina bhfuil an contrapháirtí eile bunaithe san Aontas. B'éigean an dáta cur i bhfeidhm iarchurtha sin chun a áirithiú nach raibh na conarthaí díorthach thar an gcuntar sin faoi réir na gceanglas éarlaise déthaobhach sular glacadh gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. In ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh chun anailís a dhéanamh ar dhlínsí tríú tír a bhféadfadh údar a bheith leis an ngníomh cur chun feidhme sin ina leith, go dtí seo, níl ach dhá ghníomh cur chun feidhme den sórt sin glactha de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le hidirbhearta díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach. Dá bhrí sin, ba cheart cur i bhfeidhm na gceanglas éarlaise déthaobhach le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach a chur siar tuilleadh chun an tionchar díobhálach eacnamaíoch neamhbheartaithe a bheadh ann de thoradh dhul in éag na díolúine sin ar ghnólachtaí an Aontais a sheachaint.

(8) Chun ilroinnt sa mhargadh a sheachaint agus chun cothrom iomaíochta domhanda a áirithiú le haghaidh contrapháirtithe atá bunaithe san Aontas, ba cheart cóineasú rialála idirnáisiúnta a áirithiú freisin maidir le nósanna imeachta bainistithe riosca i gcás aicmí eile díorthach thar an gcuntar nach bhfuil faoi réir ceanglais éarlaise choibhéiseacha. Go háirithe, ag aithint di nach bhfuil roghanna cothromais aonstoic agus roghanna innéacs aonstoic faoi réir ceanglais éarlaise choibhéiseacha i roinnt dlínsí, agus nach dócha, go háirithe sa chomhthéacs

reatha, go mbogfaidh na dlínsí sin i dtreo cóineasú rialála níos luaithe maidir leis na táirgí sin, ba cheart láimhseáil na dtáirgí sin a chéimniú isteach tuilleadh. Leis an tréimhse bhreise sin den chéimniú isteach, ba cheart am a sholáthar chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí rialála i ndlínsí eile agus ba cheart a áirithiú léi go bhfuil ceanglais iomchuí i bhfeidhm san Aontas chun riosca creidmheasa contrapháirtí a mhaolú i leith conarthaí den sórt sin agus raon feidhme arbatráiste rialála á sheachaint ag an am céanna.

(9) Rinneadh tríú tír den Ríocht Aontaithe an 1 Feabhra 2020 agus scoirfidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe an 31 Nollaig 2020. Sa cheanglas maidir le comhthaobhacht a mhalartú a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach ("CPL"), ní chuirtear san áireamh an cás ina mbeadh Ballstát ag tarraingt siar as an Aontas. Na dúshláin atá os comhair páirtithe i gconradh díorthach thar an gcuntar a bhfuil a gcontrapháirtithe bunaithe sa Ríocht Aontaithe, is iarmhairtí díreacha iad ar theagmhas nach bhfuil neart acu air agus féadfaidh siad iad a chur faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le contrapháirtithe eile san Aontas. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 sonraítear dátaí éagsúla le haghaidh chur i bhfeidhm na nósanna imeachta maidir le comhthaobhacht a mhalartú i gcás conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach, de réir chatagóir an chontrapháirtí sna conarthaí sin. Ní féidir le contrapháirtithe a thuar cén stádas a d'fhéadfadh a bheith ag contrapháirtí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe nó a mhéid a bheadh an contrapháirtí sin in ann leanúint de sheirbhísí áirithe a sholáthar do chontrapháirtithe atá bunaithe san Aontas.

(10) Chun aghaidh a thabhairt ar an gcás sin, d'fhéadfadh sé gur mhaith le contrapháirtithe a gconradh a nuachan trí chontrapháirtí i mBallstát a chur in ionad an chontrapháirtí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe. Sular cuireadh i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251, ní raibh sé de cheangal ar chontrapháirtithe ar chonarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach comhthaobhacht a mhalartú, agus dá bhrí sin níor comhthaobhaíodh trádálacha déthaobhacha nó comhthaobhaíodh iad ar bhonn deonach. Dá mbeadh ceangal ar chontrapháirtithe comhthaobhacht a mhalartú de thoradh ar nuachan a dhéanamh ar a gconarthaí chun aghaidh a thabhairt ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an contrapháirtí eile in ann aontú leis an nuachan. Chun feidhmiú rianúil an mhargaidh agus cothrom iomaíochta idir contrapháirtithe atá bunaithe san Aontas a áirithiú, ba cheart do chontrapháirtithe a bheith in ann contrapháirtithe i mBallstát a chur in ionad na gcontrapháirtithe atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe gan ceangal a bheith orthu comhthaobhacht a mhalartú i ndáil leis na conarthaí sin a bhfuil nuachan déanta orthu.

(11) Ina theannta sin, ba cheart a ndóthain ama a thabhairt do chontrapháirtithe ionadú a dhéanamh ar a gcontrapháirtithe atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe. Ba cheart, dá bhrí sin, an dáta óna bhféadfar an ceanglas comhthaobhacht a mhalartú a ghníomhachtú chun na conarthaí sin a nuachan a chur siar.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 a leasú dá réir sin.

(13) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ÚMEnna.

(14) Tá na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ina gcoigeartuithe teoranta ar an gcreat rialála atá ann faoi láthair i gcomhréir le forbairtí idirnáisiúnta. I bhfianaise raon feidhme teoranta na leasuithe agus a phráinní atá an t-ábhar, bheadh sé díréireach do ÚMEnna comhairliúcháin phoiblí oscailte nó anailísí poiblí a dhéanamh ar an gcostas agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith leo. Mar sin féin, d'iarr ÚMEnna tuairim an Ghrúpa Geallsealbhóirí

Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), tuairim an Ghrúpa Geallsealbhóirí Árachais agus Athárachais agus tuairim an Ghrúpa Geallsealbhóirí Pinsean Ceirde arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus tuairim an Ghrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

(15) Is gá deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt do rannpháirtithe sa mhargadh a luaithe is féidir ionas gur féidir leo ullmhú go leordhóthanach chun na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a chomhlíonadh, a ndéanfaidh an Rialachán Tarmligthe seo difear dá gcur i bhfeidhm, go háirithe i ndáil leis na ceanglais a bhfuil an spriocdháta reatha is infheidhme ag druidim leo go tapa. Ba cheart an Rialachán seo a thabhairt i bhfeidhm ar bhonn práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 mar a leanas:

(1) Cuirtear an tAirteagal 31a seo a leanas leis:

"Airteagal 31a

Láimhseáil conarthaí réamh-mhalairte a shocraítear go fisiceach agus conarthaí malartaí eachtraí babhtála a shocraítear go fisiceach

De mhaolú ar Airteagal 2(2), féadfaidh contrapháirtithe a fhoráil ina nósanna imeachta bainistithe riosca nach gceanglaítear corrlaigh athrúcháin a phostáil ná a bhailiú i gcás conarthaí réamh-mhalairte a shocraítear go fisiceach agus conarthaí malartaí eachtraí babhtála a shocraítear go fisiceach i gcás nach institiúid é ceann amháin de na contrapháirtithe mar atá sainmhínithe in Airteagal 4(1), pointe (3), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) nó nach gcáileoidís mar institiúid den sórt sin dá mbeadh sí bunaithe san Aontas.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).";

(2) Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 35 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251:

"Airteagal 35

Forálacha idirthréimhseacha

Féadfaidh contrapháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 leanúint de na nósanna imeachta bainistithe riosca atá i bhfeidhm acu ar an 18 Feabhra 2021 maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach arna ndéanamh nó arna nuachan idir an 16 Lúnasa 2012 agus dátaí ábhartha chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

Féadfaidh contrapháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 leanúint de na nósanna imeachta bainistithe riosca atá i bhfeidhm acu ar an 18 Feabhra 2021 maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach agus a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) rinneadh na conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach nó a rinneadh a nuachan roimh dhátaí ábhartha chur i bhfeidhm an Rialacháin seo mar a leagtar amach in Airteagail 36, 37 agus 38 den Rialachán seo nó an 18 Feabhra 2021, cibé acu is túisce;

(b) déantar na conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach a nuachan chun contrapháirtí atá bunaithe i mBallstát a chur in ionad contrapháirtí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, agus chun na críche sin amháin;

(c) déantar na conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach a nuachan idir an 1 Eanáir 2021 agus ceachtar de na dátaí seo a leanas, cibé acu is déanaí:

(i) na dátaí ábhartha chur i bhfeidhm a leagtar amach in Airteagal 36, 37 agus 38 den Rialachán seo; nó

(ii) an 1 Eanáir 2022";

(3) Leasaítear Airteagal 36 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

"(e) ón 1 Meán Fómhair 2021, i gcás ina bhfuil meánmhéid barúlach comhiomlán díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach atá os cionn EUR 50 billiún ag an dá chontrapháirtí, nó i gcás ina mbaineann siad le grúpaí a bhfuil an meánmhéid sin acu araon;";

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

"(f) ón 1 Meán Fómhair 2022, i gcás ina bhfuil meánmhéid barúlach comhiomlán díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach atá os cionn EUR 8 mbilliún ag an dá chontrapháirtí, nó i gcás ina mbaineann siad le grúpaí a bhfuil an meánmhéid sin acu araon,";

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) ón 30 Meitheamh 2022 i gcás nár glacadh cinneadh coibhéise de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun críocha Airteagal 11(3) den Rialachán sin i ndáil leis an tríú tír ábhartha;";

(4) in Airteagal 37(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) ón 30 Meitheamh 2022 i gcás nár glacadh cinneadh coibhéise de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun críocha Airteagal 11(3) den Rialachán sin i ndáil leis an tríú tír ábhartha;";

(5) In Airteagal 38, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. De mhaolú ar Airteagal 36(1) agus ar Airteagal 37, i ndáil le gach díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach ar roghanna cothromais aonstoic nó roghanna innéacs iad, beidh feidhm ag na hAirteagail dá dtagraítear in Airteagal 36(1) agus in Airteagal 37 ón 4 Eanáir 2024.".

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Nollaig 2020.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN